




## Matamaitic




An Mata (fir) An Mhatamaitic (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiséal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom <b>an mata</b> . Is maith liom <b>an mhatamaitic</b> .	Tá séimhiú ar <b>an mhatamaitic</b> mar gur ainmfhocal baininsneach í. Níl aon séimhiú ar <b>an mata</b> mar gur ainmfhocal firinsneach é.
An tuiséal tabharthach 	Tá scrúdú againn <b>ar an mata</b> inniu.	<b>Réamhfhocal + an + urú ar chonsan</b> (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) <b>Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.</b>
	Tá scrúdú againn <b>ar an mhata</b> inniu.	<b>Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan</b> (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) <b>Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.</b>
An tuiséal ginideach	Múineadh <b>an mhata</b> Múineadh <b>na matamaitice</b>	Focal firinsneach sa cheathrú díochlaonadh is ea <b>mata</b> . Focal baininsneach sa dara díochlaonadh is ea <b>matamaitice</b> .

## EOCHAIRFHOCAIL DON MHATA

A	
Achar 	Líon na n-aonad cearnach (an spás) taobh istigh de chruth. $4\text{cm}^2$
Aiceanta (uimhreacha aiceanta)	Na huimhreacha comhairimh ó 1 ar aghaidh, m.sh. <b>1, 2, 3, 4</b> .
B	
C	
Codán	Cuid áirithe de mhéid iomlán, m.sh. $\frac{3}{4}$ , $\frac{1}{2}$
Corruimhir	Uimhir nach féidir a roinnt go cothrom ar a dó, m.sh. <b>3, 9, 15</b> .
Cumhacht	Siombail a léiríonn iolrú (faoin uimhir chéanna) líon áirithe uaireanta, m.sh. <b><math>3^2 = 9</math></b> .
D	
Deachúil	Uimhir ina bhfuil pointe deachúlach, m.sh. <b>3.4; 7.8</b> .
Dealú	Uimhir a bhaint ó uimhir eile, m.sh. <b><math>5 - 3 = 2</math></b> .

## LEABHRÁN TÉARMAÍ

<b>D</b> (ar lean)	
Deimhneach (Uimhir dheimhneach)	Uimhir atá níos mó ná náid, m.sh. <b>3, 678, 10,000</b> .
Difríocht	An difear (difríocht) idir dhá uimhir.
Diúltach (Uimhir dhiúltach)	Uimhir atá níos lú ná náid, m.sh. <b>-4, -15</b> .
<b>E</b>	
<b>F</b>	
Fachtóir	Uimhir a théann isteach go cothrom in uimhir eile.
An fad	Cé chomh fada is atá pointe amháin ó phointe eile.
Fréamh chearnach	Uimhir a iolraítear fúithi féin leis an uimhir chearnach a thabhairt, m.sh. $\sqrt{25}=5$
<b>G/H</b>	
Graf	Léaráid a thaispeánann sonraí áirithe.
	
<b>I/J/K</b>	
Iolraí – iolraithe	An toradh nuair a iolraíonn tú uimhir faoi shlánuimhir eile, m.sh. <b>12 = 3 x 4</b>
Iolrú/iolrúchán	Uimhir ar leith curtha leis an uimhir chéanna líon áirithe uaireanta. Léirimid é leis an tsiombail <b>x</b> , m.sh. <b>5 x 3</b> .
<b>L</b>	
An leithead	Cé chomh leathan is atá cruth.
<b>M</b>	
Measctha (Uimhir mheasctha)	Uimhir a bhfuil slánuimhir agus codán inti, m.sh. <b>2<sup>3</sup>/<sub>4</sub></b>
<b>N</b>	
<b>O</b>	
<b>P/Q</b>	
Príomha (Uimhir phríomha)	Uimhir nach bhfuil ach dhá fhachtóir aici – an uimhir í féin agus uimhir a haon, m.sh. <b>5, 7, 13</b> .
<b>R</b>	
Ré-uimhir	Uimhir is féidir a roinnt go cothrom ar 2, m.sh. <b>4, 16, 28</b> .
Roinnt	Uimhreacha/rudaí a dheighilt. Léirimid é leis an tsiombail <b>÷</b>
<b>S</b>	
Saighead	Siombail a léiríonn treo, m.sh. <b>→</b>
Slánuimhir	Uimhir dheimhneach nó dhiúltach nach codán ná deachúil í.
Suimiú	Uimhreacha nó rudaí a chur le chéile, m.sh. <b>4 + 6 = 10; 12 + 3 = 15</b> .
<b>T</b>	
An toradh	An freagra a fhaighimid nuair a iolraímid dhá shlánuimhir faoina chéile.
Triantán	Cruth a bhfuil 3 shlios air.

## LEABHRÁN TÉARMAÍ

### U/V/W/X/Y/Z

Uimhirlíne

Líne a bhfuil uimhreacha marcáilte uirthi.



**Téarma**

**Míniú**